

Deimhniú ó lia-chleachtóir cláraithe

Ní mór do lia-chleachtóir cláraithe an chuid seo a chomhlánú

Nóta don lia-chleachtóir cláraithe

Is féidir le daoine nach féidir leo dul chuig a stáisiún vótála chun vóta a chaitheamh mar gheall ar bhreiteacht nó míchumas iarratas a dhéanamh chun a n-ainm a chur le liosta na bpostvótálaithe. Chun é sin a dhéanamh, ní mór lia-chleachtóir cláraithe (ar nós GP) a bheith acu chun a n-iarratas a dheimhniú.

Má tá a n-iarratas á dheimhniú agat, ní mór duit:

- › a bheith cláraithe le Comhairle na nDochtúirí Leighis,
- › deimhniú nach bhfuil an t-iarratasóir in ann dul chun vóta a chaitheamh ag a stáisiún vótála mar gheall ar bhreiteacht nó míchumas, agus
- › a chur in iúl tréimhse dhóchúil an tinnis nó an mhíchumais ó dháta an deimhnithe.

Sonraí an lia-chleachtóra chláraithe

Ainm

Seoladh an chleachtais

Éirchód

Uimhir fóin

Seoladh ríomhphoist

Uimh. Chomhairle na nDochtúirí Leighis

Deimhním, , go bhfuil breiteacht nó míchumas ar , an t-iarratasóir dá dtagraítear san iarratas seo, a fhágann nach féidir leo vóta a chaitheamh ag a stáisiún vótála ainmnithe an lá vótaíochta.

Is dócha go mairfidh an tinneas nó an míchumas seo ar feadh tréimhse (cuir isteach tréimhse nó tréimhse dóchúil).

Síniú an lia-chleachtóra chláraithe

Dáta

Eolas agus treoir chun an fhoirm seo a líonadh isteach

An fhoirm seo agus cathain ba cheart duit í a úsáid

Chun vóta a chaitheamh caithfidh tú a bheith ar an gclár toghthóirí. Is féidir leat seiceáil an bhfuil tú cláraithe ag www.seiceáilancclár.ie.

Is féidir leat úsáid a bhaint freisin as www.seiceáilancclár.ie chun:

- › clárú chun vóta a chaitheamh;
- › do thaifead reatha a chomhlánú le sonraí ar nós Uimhir PSP, dáta breithe agus Éirchód; nó
- › athruithe a dhéanamh ar d'ainm nó do sheoladh baile.

Mura féidir leat dul chuig do stáisiún vótála ar lá na vótála chun vóta a chaitheamh mar gheall ar do bhreiteacht nó do mhíchumas, is féidir leat an fhoirm seo a úsáid chun iarratas a dhéanamh ar vóta poist.

D'fhoirm a dheimhniú

Chun d'iarratas ar vóta poist mar gheall ar do bhreiteacht nó do mhíchumas a chomhlánú, beidh ort d'fhoirm a dheimhniú ó liachleachtóir cláraithe, mar shampla liachleachtóir ginearálta (GP). ní mór don liachleachtóir ginearálta (GP) an méid seo a leanas a dheimhniú:

- › mar gheall ar do bhreiteacht nó do mhíchumas, nach féidir leat freastal ar do stáisiún vótála chun vóta a chaitheamh ar lá na vótála;
- › tréimhse dhóchúil do bhreiteachta nó do mhíchumais. .

Beidh fad do rochtana ar vóta poist deimhnithe ag an liachleachtóir ar leathanach 2 den fhoirm seo. Is féidir le d'údarás áitiúil teagmháil a dhéanamh leat ó am go ham chun an fhaisnéis seo a dheimhniú.

Níor chóir do liachleachtóir sonraí do bhreiteachta nó do mhíchumais ar an bhfoirm seo a nochtadh.

Conas a úsáidtear do chuid faisnéise

Chun vóta a chaitheamh caithfidh tú a bheith ar an gclár toghthóirí.

Tá roinnt sonraí pearsanta (d'ainm, seoladh, dáta breithe, UPSP agus náisiúntacht san áireamh) de dhíth ar d'údarás áitiúil chun d'iarratas a phróiseáil.

Féadfar an t-eolas seo a roinnt le húdaráis áitiúla eile nuair is gá chun an clár toghthóirí a bhainistiú agus a choimeád.

Chun cruinneas an chláir a chosaint is féidir do shonraí aitheantais a chros-seiceáil leis an Roinn Coimirce Sóisialaí ar bhonn teoranta chun sonraí aitheantais a dheimhniú (ainm, dáta breithe, UPSP). Cé gur doiciméad poiblí é an clár, ní fhoilseofar d'uimhir PSP ná do dháta breithe.

Cabhraíonn sé seo na nithe seo a leanas a chinntiú:

- › nach bhfuil ach daoine incháilithe cláraithe chun vóta a chaitheamh,
- › go gcoimeádtar an clár suas chun dáta, agus
- › nach bhfuil aon duine ar an gclár faoi dhó ná nach bhfuil sonraí míchearta acu.

Leagtar an bunús dlí sin amach san Acht um Athchóiriú Toghcháin, 2022.

An dáta is déanaí chun iarratas a fháil

Is féidir leat an fhoirm seo a sheoladh chuig d'údarás áitiúil ag am ar bith. **Sa chás gur glaodh toghchán nó reifreann go foirmiúil**, ní mór don údarás áitiúil an fhoirm a fháil tráth nach déanaí ná:

Imeacht toghcháin	An dáta is déanaí le haghaidh d'iarratais a bheith faighte ag d'údarás áitiúil
Toghchán don Dáil	Dhá lá tar éis dáta lánscor na Dála
Fothoghchán Dála	Dhá lá tar éis an t-ordú lá vótaíochta a dhéanamh i gcás fothoghchán Dála
Toghchán uachtaránachta, Eorpach nó áitiúil nó reifreann	22 lá ar a laghad roimh lá na vótála (gan Domhnach, Aoine an Chéasta ná Laethanta Saoire Poiblí san áireamh)

Mura bhfaigheann d'údarás áitiúil d'fhoirm in am, ní féidir leis í a bhreithniú don toghchán nó don reifreann sin.

Cén áit le d'fhoirm a sheoladh

Seol d'fhoirm mar aon le haon fhaisnéis eile a theastaíonn chuig d'údarás áitiúil. Ar an gclúdach litreach, scríobh 'Clár Toghthóirí' agus seoladh baile an údaráis áitiúil iomchuí. Is féidir leat í a chur sa phost le stampa caighdeánach.

Tuilleadh eolais

Téigh i dteagmháil le d'údarás áitiúil.

Más gá duit seoladh d'údarás áitiúil a chuardach, is féidir leat é a fháil ar líne nó ceist a chur ar d'lonad Eolais do Shaoránaigh áitiúil.